

Cúirt an Meán Oíche

Ba gnáct mé ag siúl le ciúmais na habann
Ar bainseac úr is an drúct go trom,
In aice na gcoillce, i gcoim an tslé',
Gan mairg, gan moill, ar šoilse an lae.
Do géalađ mo croí nuair cínn Loč Gréine,
An calam, an thír, is íor na spéire;
Taicneamać aoibinn suiom na sléibte
Ag bagairc a gcinn ćar droim a céile.
Do géalrađ an croí bead críon le cianca,
Caice gan brí, nó líonca de pianca,
An séicleać searb gan sealb gan saibreas
D'fíeacrađ camall ćar barra na gcoillce
Ar laćain 'na scuaince ar éuan gan čeo
'S an eala ar a b̄fuaid 's í ag gluaiseac leo;
Na héisc le meidir ag éirí in airde,
Péirse im rađarc go taibseać carrbreac,
Dać an loća agus gorm na dconn
Ag ceaċt go tolgać torannać trom.
Bíod éanlaić i gcrainn go meidreac móimar
Is líimneać eilce i gcoillce im cóngar,
Géimreac adairce is rađarc ar šlóice,
Tréanrić gadar is Reynard rómpu.